

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Lámhleabhar Rochtana

Lámhleabhar Rochtana: do chuairoteoirí agus do bhaill foirne.

Acmhainní Daonna.

Eanáir 2013 Leagan 6.

Cóipcheart © An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, 2015.

Tá cosc iomlán ar aon athrú a dhéanamh nó cur isteach ar aon eolas, nó cur isteach ar an fhoilseachán seo a bheith ar fáil nó cur isteach ar theacht air. Glacann an Oifig leis go bhfanann cóipcheart de léaráidí agus de chairt áirithe leis na heagraíochtaí agus comhlachtaí ar leith más cuí.

1	Tús	3
1.1	Cuspóir an lámhleabhair rochtana seo	3
1.2	Cén fáth inrochtaineacht?	4
1.3	Bacainní a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas	4
1.4	Rochtain agus an dlí	4
1.5	Eolas faoin fhoirgneamh	5
2	Suíomh agus Iompar	6
3	Leagan amach an Fhoirgnimh	16
4	Gnéithe Inrochtana an Fhoirgnimh	18
5	Fearas Éigeandála agus Imlonnú	20
5.1	Bealaí éalaithe	20
5.2	Fearas Éigeandála	23
6	Focal Scoir	28

1 Tús

1.1 Cuspóir an lámhleabhar rochtana

Ceapadh an lámhleabhar rochtana don phobal, do bhaill foirne nua agus ba chóir do gach ball foirne a bheith ar an eolas faoi. Tá sé mar chuspóir ag an lámhleabhar rochtana slí éasca a sholáthar faoi liostaí agus gnéithe, áiseanna agus inrochtaineacht na hOifige a mhíniú.

Léiríonn an lámhleabhar rochtana na nithe seo:

- Eolas faoi chúlra rochtaine;
- Conas dul chuig **an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí** trí mhodhanna éagsúla taistil;
- Cur síos suntasach faoi leagan amach na hOifige, rochtain agus feidhm;
- Prótacal maidir le himeacht as an Oifig i gcás éigeandála.

1.2 Cén fáth inrochtaineacht?

Tá muid in ár gcónaí i sochaí ina bhfuil éagsúlachtaí, ina bhfuil cuimsiú sóisialta ina cheist thábhachtach ar bhun domhanda agus ina bhfuil déimeagrafaic ag athrú agus go háirithe an daonra agus dul in aois agus imirce ag méadú. Léirigh tuarascáil dar teideal “2010 A Europe Accessible for All” go bhfuil inrochtaineacht riachtanach maidir le neamhspleáchas, cuimsiú agus forbairt inbhuanaithe. (http://www.socialdialogue.net/en/en_lib_170.htm). Tá tábhacht ar leith le hinbhuanaitheacht agus gné thábhachtach is ea inrochtaineacht maidir le timpeallacht níos inbhuanaithe a sholáthar. Tá leas do chách le baint as foirgneamh inrochtaine. Tá sé níos sábháilte, níos compordaí agus tá sé níos éasca a athrú de réir mar a athraíonn na riachtanais.

1.3 Bacainní a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas

Ní mór gach duine a chur san áireamh ó dhaoine a thugann an coimisiún, lucht deartha, tógálaithe agus bainisteoirí agus an timpeallacht sheachtrach mar shampla:

- Beidh deacracht ag duine a bhfuil fadhb anáilaithe aige/aici nó a bhfuil murnán briste aige/aici staighre a úsáid nó is féidir nach mbeadh sé/sí in ann an staighre a úsáid ar chor ar bith;
- Tá sé deacair ag duine a bhfuil greim lag aige/aici lámh dorais ciorclach réidh a úsáid;
- Tá troscán sráide nó mullaird nach bhfuil suite go maith agus/nó nach bhfuil i gcodarsnacht leis an chúlra contúirteach do dhaoine caocha;
- Is féidir le céim amháin cosc a chur ar dhuine atá ag tarraingt cáis leis/léi ar rothaí nó duine a úsáideann cathaoir rothaí.

1.4 Rochtain agus an dlí

Tá tionchar ag an chineál míchumais ar rochtain agus ní míchumas fisiciúil amháin atá i gceist. Shainmhínigh Darcy (1998) rochtain i gceithre rannóg;

1. Rochtain fhisiciúil, a bhaineann le daoine a bhfuil míchumas fisiciúil acu a dteastaíonn cathaoireacha rothaí nó áis siúil uathu agus is gá mar shampla ráillí láimhe, rampaí, ardaitheoirí nó cuntair ísle a sholáthar;
2. Rochtain chéadfach a bhaineann le daoine a bhfuil fadhb éisteachta nó amhairc acu ina bhfuil sé riachtanach mar shampla marcanna, comharthaí agus lipéid thadhhlacha, córais éisteachta-cabhair éisteachta agus leideanna éisteachta d’ardaitheoirí agus soilse a sholáthar;
3. Rochtain cumarsáide a bhaineann le daoine a bhfuil deacracht acu le scríbhneoireacht, fíis, urlabhra agus fadhbanna teanga.

4. Rochtain chognaíoch a bhaineann le daoine a bhfuil fadhb acu le feasacht, aireachtáil, réasúnú agus breithiúnas.

1.5 Eolas faoin fhoirgneamh

Is iad an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an príomh-sholáthraí maidir le seirbhís earcaíochta do ranna rialtais agus do chomhlachtaí stáit áirithe. Foirgneamh nua-aimseartha atá ann ina bhfuil urlár talaimh agus trí urlár eile os cionn leibhéal na sráide. Úsáideann fostaithe agus baill den phobal an foirgneamh. Bíonn timpeall 160 ball foirne ar an suíomh gach lá chomh maith le baill den phobal. Úsáidtear an foirgneamh do riarachán, tástáil / agallamh le hiarrthóirí, seimineáir, cruinnithe agus mar sin úsáideann daoine éagsúla a bhfuil riachtanais rochtana éagsúla acu é.

2 Suíomh agus Iompar

Tugtar eolas sa chuid seo faoi cá háit go díreach atá an Oifig, chomh maith le cur síos cruinn conas dul ann ó na príomh-ionaid a dtagtar isteach sa chathair. Tá na nithe seo san áireamh:

- **Sonraí faoi theacht nach i feithicil, i gcarr, tacsáí, bus (seirbhísí cathrach agus ar fud na tíre), traein, Luas agus aerfort Bhaile Átha Cliath san áireamh; (le léarscáileanna gréasáin más cuí).**
- **Sonraí teagmhála an tsoláthraí seirbhís iompair;**
- **Eolas faoi inrochtaineacht faoi na soláthraithe agus na seirbhísí iompair a bhaineann le hinrochtaineacht;**

Teacht Anseo:

Léarscáil Suímh:



© Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland

Copyright Permit No. MP 004206 & No. MNE 001106 (print & internet use).

Tá an **tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí** cóngarach do lár na cathrach rud a fhágann go bhfuil roghanna agat chun cuairt ar an Oifig a phleanáil. Tá sonraí agus eolas sa bhreis thíos a chuideoidh leat teacht chuig ár n-Oifig.

Siúil /Rothaíocht / gan feithicil:

Tá an Oifig lonnaithe ar Shráid na Mainistreach Uachtarach idir Sráid na Life agus Sráid Jervis. Tá sé éasca an oifig a bhaint amach má leanann tú an líne Luas ó Shráid Uí Chonaill (féach ar an léarscáil ar lch6). Tá Stad Luas Jervis díreach taobh amuigh de dhoras na hOifige atá éasca a aithint mar go bhfuil piléir mhóra ar an taobh amuigh den fhoirgneamh.

Sa Charr:

Ní féidir cuairteoirí atá ag taisteal i gcarr a fhágáil taobh amuigh den Oifig. Tá Trambhealach Luas díreach os comhair na hOifige. Is féidir páirceáil ar an tsráid in aice le Páirc Wolfe Tone nó sa dá charrchlós poiblí cóngarach dúinn ar Shráid Jervis agus tá páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas ansin. (Ní mór taisteal ar Ché Ormond, tiontú ar chlé ag Óstán Morrison isteach ar Shráid Jervis, féach ar an léarscáil, lch 6)

Bus:

Bus Éireann: (ag freastal ar mhórchéantar Bhaile Átha Cliath)

Cuireann bus Éireann seirbhís shuntasach ar fáil chuig agus ó mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Tagann an chuid is mó de na bealaí chuig agus fágann siad ó Bhusáras (Stáisiún Lárnach Busanna) atá suite i Sráid an Stórais i mBaile Átha Cliath 1.

Tá stad Luas lonnaithe in aice le Busáras ar Shráid an Stórais agus molaimid duit ar mhaithe leat féin, dul ar an Luas agus tuirlingt ag Stad Jervis. Tá an Oifig suite díreach ar chúl an Stad. (Ní gá an t-airgead cruinn a bheith agat). Is féidir an Ríomhaire Táille Luas a úsáid do thuras ar bith ag <http://www.luas.ie/fare-calculator.php>

- Tá tuilleadh eolais faoi ghréasán Bus Éireann agus faoi inrochtaineacht ar fáil ag: <http://www.buseireann.ie>

Bus Átha Cliath: (Cathair agus bruachbhaile Bhaile Átha Cliath).

Tá roinnt bealaí chuig lár na cathrach cóngarach don Oifig. Chun an bealach is fóirsteanáí duit a fháil logáil isteach ar www.dublinbus.ie nó cuir gloch ar Bhus Átha Cliath ag an uimhir 01-8734222.

Uaireanta oscailte do Bhus Átha Cliath: Dé Luain 08.30 - 17.30; Dé Máirt – Aoine 09.00 - 17.30; Dé Sathairn 09.00 - 13.00. Dúnta ar an Domhnach agus ar shaoire phoiblí.

Tá eolas faoi inrochtaineacht do chathaoireacha rothaí ar Bhus Átha Cliath ar fáil ag : <http://www.dublinbus.ie/en/Your-Journey1/Accessibility>

Trambhealach Luas:

Tá an Oifig ar líne dearg Luas ag stad Sráid Jervis ar thaobh an líne ag dul amach as an chathair ó Stáisiún Uí Chonghaile. Tá rampa a dhá thaobh an chosáin chun gur féidir an líne a thrasnú. Tá eolas, eolas faoi tháillí agus amchláir Luas ar fáil ag www.luas.ie nó is féidir gloch a chur ar líne Chabhrach do Chustaiméirí ag 1800 300 604. Uaireanta Oifige, Dé Luain go dtí Dé hAoine 9.00 to 17.00. Dúnta ar an Sathairn, ar an Domhnach agus ar Shaoire Bainc.

Tabhair faoi deara go ndearnadh roinnt athruithe mar chuid de shíneadh Luas i Stáisiún Uí Chonghaile. Go ginearálta stadann gach tríú traein ag an Stad ar an Líne Dhearg ag Stáisiún Uí Chonghaile agus leanann cinn eile chuig Stad Point Depot (an stad deireanach ar an Líne Dhearg). Tá eolas faoi inrochtaineacht faoi ghréasán Luas ar fáil ag: <http://www.luas.ie/luas-accessibility.html>

Eolas faoi stad don líne Dhearg agus Ghlas mar seo a leanas:

Líne Dhearg – Seirbhís do Stad Jervis (An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí)

Tá liosta iomlán faoi Stadanna ar Líne Dhearg Luas ar fáil ag

<http://www.luas.ie/luas-red-line-stops/>

Tá liosta iomlán faoi Stadanna ar an Líne Ghlas ar fáil ag:

<http://www.luas.ie/luas-green-line-stops/>

Ag teacht go Baile Átha Cliath ar an traein.

Stáisiún Uí Chonghaile: príomh-sheirbhísigh do chósta thoir agus thoir-thuidh na hÉireann. Féach ar léarscáil ghréasán iarnróid, lch 11.

Stáisiún Heuston: seirbhís do lár na tíre, iarthar, deisceart agus iar-dheisceart na tíre. Féach ar léarscáil ghréasán iarnróid, lch 11.

Tá tuilleadh eolais faoi Sheirbhísí Iarnród Éireann agus inrochtaineacht ar fáil sa treoir seo:

http://www.irishrail.ie/your_journey/Guide%20for%20Rail%20Passengers%20with%20Disabilities.pdf

Ba chóir go mbeadh na nithe seo ina gcuidiú fosta:

Eolas agus clár ama do chustaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu:

<http://www.irishrail.ie/home/>

Eolas faoi inrochtaineacht faoi Sheirbhísí Iarnród Éireann do chustaiméirí a bhfuil lagú radhairc orthu:

http://www.iarnrodeireann.ie/home/vip_index.asp

Chun fiosrúcháin faoi thuras agus faoi chostas turais:

http://www.iarnrodeireann.ie/your_ticket/fares_enquiries.asp#form

Scáileán amchláir atá éasca a léamh:

http://www.irishrail.ie/your_journey/timetables.asp

Chun féachaint ar eolas faoi inrochtaineacht téigh chuig:


http://www.irishrail.ie/your_journey/disabled_access.asp

Chun fiosrúchán a dhéanamh faoi rochtain:

http://www.irishrail.ie/contact_us/contact_disabled_access.asp

Tá stáisiún Uí Chonghaile agus Heuston ceangailte tríd an Luas ar an Líne Dhearg. Tá sonraí faoi roghanna iompair chuig an Oifig ón dá stáisiún ar lch 12.

Gréasán Iarnród Éireann:



Ó Stáisiún Heuston chuig an Oifig;

Ar an bhus: Fágann bus Stáisiún Heuston chuig lár na cathrach gach 10 nóiméad. Tar den bhus ag Sráid Uí Chonail agus lean líne Luas chuig an Oifig ar Shráid na Mainistreach Uachtarach.

Ar an Luas: Téigh ar an Líne Dhearg i dtreo Stáisiún Uí Chonghaile chomh fada le stad Sráid Jervis. Tá an foirgneamh díreach trasna ón stad.

Ó Stáisiún Heuston go dtí an Oifig gan feithicil: Nuair a thagann tú amach as Stáisiún Heuston, tiontaigh ar chlé trasna an droichid agus téigh i dtreo na cathrach ar na céanna (bíodh an Life ar dheis) chomh fada le hÓstán Morrison ar Ché Ormond.

Tiontaigh ar chlé agus téigh chuig an dara solas tráchtá (tá an bealach isteach chuig Ionad Siopadóireachta Jervis os do chomhair). Tiontaigh ar dheis ag na soilse seo (bíodh líne Luas ar chlé) agus téigh ar aghaidh timpeall 100 slat, tá an Oifig ar dheis. Tá piléir mhóra ag tosach na hOifige agus tá stad Luas Jervis go díreach os do chomhair.

Ó Stáisiún Uí Chonghaile chuig an Oifig;

Ar an Luas: Téigh ar an Líne Dhearg i dtreo Stáisiún Uí Chonghaile chomh fada le stad Sráid Jervis. Tá an foirgneamh díreach os comhair an stad.

Ó Stáisiún Uí Chonghaile go dtí an Oifig gan feithicil: Tógann sé timpeall 25 nóiméad siúl ó Stáisiún Uí Chonghaile go dtí an Oifig. Molaimid duit áfach dul ar an Luas agus tuirlingt ag stad Jervis. Tá an Oifig suite taobh thiar de stad Jervis.

Teacht ar Eitleán:

Má thagann tú chuig aerfort Bhaile Átha Cliath, téigh ar an Aircoach nó Airbus 747 ón aerfort go dtí Sráid Uí Chonail. Siúil in aice le líne Luas ó Shráid Uí Chonail i dtreo Stáisiún Heuston, (féach ar an léarscáil, lch 6). Tógann an turas ón aerfort timpeall 25-40 nóiméad nuair nach bhfuil sé gnóthach agus cosnóidh sé €6 slí amháin, €10 do thuras ar ais. Cosnóidh tacsáí ón aerfort timpeall €20-30 ag brath ar an trácht.

Taisteal ar an DART:

Má théann tú ar an Dart, is é Stáisiún Uí Chonghaile an stáisiún is cóngaraí. Siúil ar Shráid na Mainistreach Íochtarach go dtí Sráid Uí Chonaill, trasnaigh go dtí Sráid na Mainistreach Uachtarach. Féach ar an léarscáil ar leathanach 6 chuig an Oifig ar Shráid na Mainistreach Uachtarach. Molaimid duit áfach dul ar an Luas ag Stáisiún Uí Chonghaile agus tuirling ag stad Jervis. Tá an Oifig suite taobh thiar de stad Jervis.

Tá tuilleadh eolais faoi sheirbhísí DART ar fáil ag

<http://www.iarnrodeireann.ie/dart/home/>


Tá tuilleadh eolais faoi inrochtaineacht ar fáil ag:

http://www.irishrail.ie/your_journey/disabled_access.asp

Chun eolas a lorg faoi rochtain:

http://www.irishrail.ie/contact_us/contact_disabled_access.asp

Gréasán Iarnród Dart:



3. Leagan Amach an Fhoirgnimh

Déantar cur síos sa chuid seo faoi leagan amach an fhoirgnimh ar fad agus an cineál úsáidte mar a shonraítear sa réamhrá a sholáthraítear. Tá eolas sa chur síos faoin úsáid a bhaintear as gach áit agus cá bhfuil na leithris, an staighre, ardaitheoirí agus aon áis eile. Tá plean foirgnimh in éineacht leis an mhíniú scríofa.

Rangaítear leagan amach na **Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí** mar leanas: **bealach isteach faoi srian / gluaiseacht faoi srian**. I dtimpeallacht mar seo tá bealach isteach lárnach trína dtagann cuairteoirí agus baill foirne isteach ach nuair atá siad istigh, tá srian ar ghluaiseacht timpeall an fhoirgnimh in áiteanna áirithe.

Tá ceithre leibhéal san Oifig, tá rochtain oscailte (teoranta) i dtrí cinn don phobal agus rochtain rialaithe ar an cheathrú urlár.

Urlár na Talún:

Seo an príomh-bhealach isteach san Oifig. Tá an Stóras Gairmeacha ar an urlár seo agus is anseo a bhíonn an chéad teagmháil leis an phobal, le hiarratasóirí agus agallaithe a thagann chuig an Oifig. Tá seirbhís chomhairleach ar fáil sa Stóras Gairmeacha don phobal a bhfuil suim acu i ngairm sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí. Tá seomra scíthe ar fáil ar an urlár seo.

Tá an spás in aice leis an ardaitheoir agus an staighre in aice leis an Stóras Gairmeacha trí dhoras. Is féidir le cuairteoirí agus baill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus oifig rialtais amháin eile atá ag obair ar an dá urlár uachtarach den fhoirgneamh, an spás seo a úsáid. Téann an staighre sa phasáiste seo chuig gach urlár san fhoirgneamh agus is iad na príomh-bhealaí éalaithe. Tá bac ar dhul amach ón staighre ach amháin ar an chéad urlár. Tá trí ardaitheoir ar gach urlár. Cuireann na hardaitheoirí gluaiseacht gan srian ar fáil i réimsí poiblí na hOifige ach tá srianta ar ghluaiseacht chuig na hurláir eile agus tá fógraí gutha, comharthaíocht inrochtana, railí láimhe agus scáthán frithchaiteach iontu ar fad.

An Chéad Urlár:

Tá rochtain oscailte ar an chéad urlár den Oifig. Tá an príomh-fháiltiú don phobal ar an urlár seo. Chomh maith le sin, tá seomraí agallaimh, ionad tástála, seomraí oiliúna agus an áis tástála duine le duine ar an urlár seo. Tá seomraí folctha agus uisce le hól ar fáil agus tá Seomra Scíthe Ginearálta ar fáil má iarrtar é ag an deasc fáiltithe.

An Dara hUrlár:

Is féidir dul chuig an dara hUrlár mar a luadh cheana thuas. Tá Bialann na hOifige (ar fáil go hoscailte) ar an urlár seo.

Tá srian ar rochtain trí dhoirse chuig an Aonad Tacaíochta Gnó, an tAonad Teicneolaíochta, Aonad Bainistíochta na dTaifead, Seomra an Phoist agus Bialann Phríobháideach do Bhaill Foirne. Tá spás fosta d'eagraíochtaí seachtracha a oibríonn leis an Oifig ó am go ham faoi thaighde agus faoi fhorbairt. Tá seomraí scíthe ar fáil do bhaill foirne amháin. Is féidir le cuairteoirí na háiseanna sna seomraí scíthe ar an chéad urlár agus ar an urlár talún a úsáid.

An Tríú hUrlár:

is féidir dul chuig an tríú hUrlár agus chuig an urlár deiridh mar an gcéanna leis an urlár roimhe. Tá srian ar rochtain agus ar ghluaiseacht chuig an urlár seo. Ní mór socrú a dhéanamh roimh ré chun dul chuig an urlár seo. Ar an urlár seo tá Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, Oifig an Chathaoirligh, Acmhainn Daonna, Aonaid Earcaíochta Éagsúla, Margaíocht, Seirbhísí na gCliant, Seirbhísí Measúnaithe agus an Leabharlann. Tá seomraí scíthe ar an urlár seo chomh maith le scairdeáin óil uisce.

Tabhair faoi deara:

I gcás éigeandála, ba chóir duit a bheith ar an eolas faoi nósanna imeachta éigeandála chun imeacht as an fhoirgneamh. Féach in Alt 5 den Leabhrán seo a phléann le nósanna imeachta éigeandála agus bí cinnte go bhfuil a fhios agat cá bhfuil an bealach amach is cóngaraí duit.

4. Gnéithe Inrochtaineachta an Fhoirgnimh

Tá cur síos faoi phríomhghnéithe inrochtaineachta an fhoirgnimh sa rannóg seo.

Bealaí Isteach – Tá an bealach isteach chuig Áras na Caibidle ag leibhéal na talún trí dhoirse gloine a osclaíonn de lámh amach ar an tsráid. Tá rampaí ar dhá thaobh an chosáin os comhair an fhoirgnimh. Do bhaill den phobal a thagann isteach san fhoirgneamh, tá an deasc fáiltithe ag an tosach. Téann baill na hOifige isteach tríd bealach isteach na mball foirne, díreach isteach i bpassáiste na n-ardaitheoirí.

Coinníonn Oifigigh Seirbhíse súil go minic ar an bhealach isteach lena chinntiú nach bhfuil aon bhad ar theacht isteach. Ba chóir a thuiscint mar gheall ar athruithe sna séasúir (duilleoga ag titim m.sh.) go bhféadfadh baol a bheith ann go ngortódh duine é/í féin agus cinntíonn an bhainistíocht go laghdaítear an baol an oiread agus is féidir.

Urlár na Talún: Tá an Stóras Gairmeacha geal agus úsáidtear dathanna codarsnachta chun feistis sheasta agus shoghluaiste a thaispeáint. Tá an deasc fáiltithe deartha chun gur féidir le daoine de gach airde é a úsáid go héasca. Tá comharthaíocht thadhlaigh agus chun an slí a fháil in áit. Tá córas éisteacht lúibe ag an deasc fáiltithe, aonad soghluaiste san áireamh. Tá comharthaí faoin áis seo le feiceáil ag cuairteoirí nuair a thagann siad isteach. Tá baill foirne ar fáil le cuidiú le custaiméirí agus baill foirne má theastaíonn sé uathu.

Ag an leibhéal seo fosta tá córas aláraim WC a thugann teachtaireacht do bhall foirne má tá fadhb ag duine sa leithreas do dhaoine faoi mhíchumas. Cuireann an córas seo comhartha amhairc agus éisteachta amach ag an ionad ónar cuireadh amach an aláram agus sa Stóras Gairmeacha a thaispeánann an leithreas ina bhfuil an duine.

Tá roinnt cathaoireacha de chineálacha éagsúla a ghluaiseann go héasca ar fáil chun freastal ar riachtanais éagsúla agus tá seomraí scíthe ag cúl an Stóras Gairmeacha.

Is féidir dul chuig an chéad urlár nó na hurláir eile trí ardaitheoirí inrochtana nó an staighre a úsáid (ba chóir a thuiscint áfach go bhfuil teorainn ar dhul amach tríd an staighre seo l bhfeidhm do chuireoirí gan tionlacan taobh thuas den chéad urlár). Tá comharthaíocht

inrochtana, fógraíocht ghutha, cnaipe do ghlaoch éigeandála, ráille láimhe, scáthán agus doras moill ama i ngach ardaitheoir.

Tá dromchla difriúil ar an chorra staighre agus ar an fhógra tadhlaigh. Más féidir é, tá a laghad scátha agus is féidir sa staighre.

An Chéad Urlár: Tá príomh-fháiltiú na hOifige ar an chéad urlár. Chomh maith le sin, tá seomraí éagsúla cruinnithe agus oiliúna ar an urlár seo ina bhfuil roinnt gnéithe inrochtana lena n-áirítear spásanna ina bhfuil soilsiú maith a úsáideann solas nádúrtha más féidir, troscán a sheasann leis féin, lúb éisteachta ag an Deasc Fáiltithe, seomraí scíthe inrochtana (ina bhfuil aláram éigeandála) agus comharthaíocht inrochtana.

An Dara hUrlár: Tá bialann do bhaill foirne agus don phobal ar an urlár seo. Seasann daingneáin agus feistis leo féin agus úsáidtear soilse nádúrtha agus dathanna codarsnachta chun an difríocht eatarthu a léiriú. Tá comharthaíocht inrochtana agus córas Lúb Éisteachta in áit.

Plean oscailte ina bhfuil srian ar inrochtaineacht is mó atá i gceist in ionad na mball foirne agus díritear go mór ar sholas nádúrtha agus ar phasáistí leathana. Seasann troscán oifige leis féin agus is féidir airde na stáisiúin oibre a athrú chun gur féidir an úsáid is fearr a bhaint astu.

An Tríú hUrlár: Go ginearálta níl cead ach ag baill foirne a bheith ar an urlár seo. Tá gnéithe éagsúla in áit lena n-áirítear comharthaíocht, seomraí scíthe inrochtana (le aláram éigeandála), spásanna oscailte geala, agus troscán inrochtana a ghluaiseann go héasca.

5. Fearas Éigeandála agus Aslonnú

5.1 Bealaí éalaithe

Tá mionsonraí sa rannóg seo faoi gach bealach éalaithe éigeandála san fhoirgneamh, a phléann le bealaí éalaithe ar leith ó na háiteanna éagsúla san fhoirgneamh. Úsáidtear pleananna foirgnimh chun na bealaí éalaithe, fearas dóiteáin agus sábháilteachta agus aláraim a léiriú.

Don chuid is mó, bíonn baill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ag plé le hobair neamhláimhe ina bhfuil baol measartha íseal. Tá rioscaí áirithe ag baint le timpeallacht na hoifige áfach agus tá socruithe ar leith thíos faoi conas déileáil leo.

Beartas maidir le Nósanna Imeachta Éigeandála agus Sábháilteacht Dóiteáin:

- i Tá Stiúrthóir na nGnóthaí Corparáideacha freagrach as beartas na hOifige i dtaca le Sábháilteacht Dóiteáin a eagrú agus a bhainistiú.
- ii Tá gach bealach amach agus bealach aslonnaithe marcáilte go soiléir.
- iii Ní mór na socraithe aslonnaithe i gcás dóiteáin nó aon bhaol mór eile a chomhlíonadh.
- iv Tugtar oiliúint go rialta do Mhaoir Sábháilteachta faoi dhóiteáin a aimsiú agus a chosc.
- v Déanfar cothabháil, scrúdú agus uasghrádú ar fhearas um dhóiteáin agus deatach a aimsiú ar bhun leanúnach agus cuirfear fearas nua in áit más gá.
- vi Coinneofar an líon cuí agus an cineál cuí de mhúchtóirí dóiteáin agus fearas múchta dóiteáin eile in ionaid straitéiseacha agus déanfar seirbhís orthu go rialta de réir shonraíochtaí an déantóra.

Beidh beartas aslonnaithe le feiceáil go soiléir i ngach áit.

Beidh druil dóiteáin ar siúl go rialta.

Déanfar athbhreithniú ar na nósanna imeachta seo go rialta.

Tá dualgas ar gach ball foirne a bheith ar an eolas faoi na nithe seo:

1. Gach slí éalaithe ón fhoirgneamh.
2. An áit ina bhfuil fearas múchta dóiteáin .i. múchtóirí dóiteáin,
3. An cineál Aláram Dóiteáin agus conas é a úsáid.
4. Treoir má tharlaíonn tine.
5. Nósanna Imeachta Aslonnaithe.
6. Ionad cruinnithe i gcás aslonnaithe.
7. Ainmneacha agus ionad na Maor Sábháilteachta.
8. Ainmneacha agus fo-línte gach Ball Foirne atá oilte ar Gharchabhair.

NÓSANNA IMEACHTA ASLONNAITHE

NUAIR A BHUAILEANN CLOG ALÁRAIM IOMLÁN

- a. Ní mór do bhaill foirne imeacht as an fhoirgneamh go gasta agus go rialta.
- b. Ní mór do bhaill foirne agus do chuairoteoirí imeacht tríd an bealach éalaithe is cóngaraí agus cruinniú ag an ionad cruinnithe.
- c. Ní mór do Mhaoir Sábháilteachta a chinntiú go dtugtar cuidiú do bhaill foirne agus do chuairoteoirí faoi mhíchumas chuig ionaid shábháilte. Aistrefar baill foirne agus cuairteoirí faoi mhíchumas chuig na Cathaoireacha Evac (más gá) sula n-aslonnaítear iad as an fhoirgneamh. Tá pointí Evac marcáilte go soiléir ar fud na hoifige le comhartha glas nó dearg. Comhlíon aon treoir atá ar na comharthaí.
- d. Ná bíodh deifir ort.
- e. Ná stad chun rudaí pearsanta a thabhairt leat.
- f. Ná déan iarracht na hardaitheoirí a úsáid.

- g. Mur bhfuil tú i d'ionad féin, nuair a bhuaileann an t-aláram, téigh díreach chuig an slí éalaithe éigeandála is cóngaraí duit. Ná téigh ar ais chuig d'ionad oibre nó d'oifig ar chúis ar bith.
- h. Ná déan iarracht do charr a thiomáint amach as an charrchlós.
- i. Téigh díreach chuig d'ionad cruinnithe agus cruinnigh ansin i rannóga.
- j. Ní mór do chuairoteoirí, baill de bhoird agus iarrthóirí na nósanna imeachta seo a chomhlíonadh agus fanacht ag an ionad cruinnithe.
- k. Ba chóir do mhaoir sábháilteachta líon na mball foirne a chuntas (baill de bhoird san áireamh), lena chinntiú go bhfuil gach duine i láthair nó go bhfuil eolas faoi/fúithi, ag an ionad cruinnithe. Ba chóir an uimhir a thabhairt don Oifigeach Sábháilteachta láithreach.
- l. Na téigh ar ais san fhoirgneamh nó ná fág an t-ionad cruinnithe go dtí go ndeirtear gur féidir é sin a dhéanamh.
- m. Comhlíon treoir na maor sábháilteachta i gcónaí.
- n. Féach ar Phlean Urláir do Léarscáil Slí Aslonnaithe don slí aslonnaithe. (féach lch 23 - 26)

5.2 Fearas éigeandála:

Tá roinnt bealaí éalaithe éigeandála san Oifig, agus tá pointí coitianta dul amach ar gach urlár. Tá an príomhbhealach éalaithe ón Oifig ar gach urlár i gcás éigeandála tríd an staighre lárnach i lár bhloc na hOifige. Má théann tú amach as an fhoirgneamh an bealach seo, tiocfaidh tú chuig pasáiste an ardaitheora ar an urlár talún. Chomh maith le sin, tá dhá bhealach éalaithe eile ar gach urlár faoi seach ag cúl an fhoirgnimh. Tá roinnt aonad briste gloine, fearas múchta dóiteáin agus Cathaoireacha Evac in áiteanna éagsúla (féach thíos do shuíomh na mbealaí éalaithe agus don fhearas éigeandála). Más cuairteoir chuig an Oifig thú, cinnteoidh Maor Foirne Sábháilteachta go gcuirfead chuig an bealach éalaithe éigeandála is cóngaraí thú.

Cód Dathanna Múchtóirí Dóiteáin



UISCE

Ba chóir a úsáid ar ábhar
soladach (Aicme A), m.sh. ^{v6}
adhmaid, páipéar, éadach,
plaisteach amháin



CÚR

Fóirsteanach le húsáid ar
leachtanna (Aicme B), m.sh.
peitreal, ola, díosal, srl., agus
tinte aicme A



PÚDAR TIRIM

Fóirsteanach le húsáid ar gháis
(Aicme C agus LPG agus dóiteáin
Aicme B agus guaiseacha
leictreacha



DÉ-OCSAÍD CHARBÓIN


Fóirsteanach le húsáid ar ghuais
leictreacha agus ar dhóiteáin
Aicme B agus C



CEIMICÍ FLIUCHA

Le húsáid ar ola chócaireachta
amháin


Bealach Éalaithe Urlár Talún, Suíomh an Fhearais Múchta Dóiteáin & Fearas Garchabhrach
Bealaí Éalaithe an Chéad Urláir, Suíomh an Fhearais Múchta Dóiteáin, Fearas Garchabhrach & Cathaoireacha Evac



Bealaí Éalaithe an Dara hUrlár, Suíomh an Fhearaís Múchta Dóiteáin, Fearas Garchabhrach & Cathaoireacha Evac



Bealaí Éalaithe an Tríú hUirlár, Suíomh an Fhearaís Múchta Dóiteáin, Fearas Garchabhrach & Cathaoireacha Evac



6. Focal Scoir

Gné thábhachtach is ea foirgnimh inrochtana chun sochaí atá bunaithe ar chearta comhionanna a bhaint amach, rud a chuireann neamhspleáchas ar fáil dá shaoránaigh agus a chuireann ar a gcumas saol gníomhach agus sóisialta a chaitheamh (EC Group of Experts, 2003). Cuireann easpa rochtana i bhfoirgnimh bac mór ar dhaoine faoi mhíchumas a bheith páirteach i ngach gníomhaíocht sa sochaí. Léirigh an leabhrán seo réimse ceisteanna a thaispeánann go bhfuil foirgneamh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí éasca a úsáid ag gach duine.

Mar chuid de ghealltanas na hOifige maidir le hinrochtaineacht, déanfar athbhreithniú gach sé mhí nó má tharlaíonn athruithe (cé bith acu is túisce) lena chinntiú go ndéantar bainistíocht agus cothabháil ar an fhoirgneamh chun an rochtain is fearr a chinntiú. Dá bharr sin is féidir go gcuirfear rannáin eile leis an leabhrán seo, a bhaineann go háirithe leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus a feidhmeanna. Cé go ndearnadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an t-eolas sa Lámhleabhar Rochtana cruinn, ní féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith freagrach as aon bhotún nó as ábhar a fágadh amach agus tá sé de chearta againn ábhar an fhoilseacháin (na bhfoilseachán) seo a athrú am ar bith gan fógra a thabhairt roimh ré.

is mian leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an chabhair a thug an tÚdarás Náisiúnta Míchumais maidir leis an Leabhrán Rochtana seo a mheas, a aithint. **Is mian leis an Oifig buíochas a ghabháil agus glacadh leis go bhfanann cóipcheart faoi léaráidí agus léarscáileanna leis na heagraíochtaí agus na comhlachtaí éagsúla más cuí.**

Má tá aon rud gur mhaith leat a rá faoin fhoilseachán seo nó más mian leat go gcuirfí ar fáil é i bhformáid eile, téigh i dteagmháil le:

Amanda Kavanagh,

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 26/30 Sráid na Mainistreach
Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

Teil: 01- 8587672

Rphost: amanda.kavanagh@publicjobs.ie